Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9947/25**

**COPS 259**
**CFSP/PESC 847**
**CSDP/PSDC 357**
**CIVCOM 152**
**MOG 54**
**RELEX 717**
**JAI 783**
**EUBAM LIBYA 15**
**PSC DEC 22**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (EUBAM Libya/1/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (EUBAM Libya/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya)[1], agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

---

[1] IO L 138, 24.5.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/233(1)/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 8 Nollaig 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/2784[2], lena gceaptar Jan VYČÍTAL mar Cheann Misin EUBAM Libya ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) An 24 Aibreán 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Jan VYČÍTAL mar Cheann Misin ar EUBAM Libya ón 1 Iúil 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh 6 mhí eile a chur le sainordú Cheann Misin reatha EUBAM Libya,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (CBES) 2023/2784 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Nollaig 2023 maidir le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/2/2023) (IO L, 2023/2784, 11.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2784/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Jan VYČÍTAL Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) ón 1 Iúil 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM LIBYA amhail ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil*
*agus Slándála*
*An Cathaoirleach*